

**Trinity College Dublin**  
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath  
The University of Dublin



**Trinity College Dublin**  
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath  
The University of Dublin

## Cén chaoi a gcuirfidh mé isteach ar Thaispeántas Iontrála?

Ní chaithfidh tú cur isteach ar Thaispeántas Iontrála. Rachaimid i dteagmháil leatsa más mac léinn tú a bhfuil áit glactha agat sa chéad bhliain i gColáiste na Tríonóide agus más rud é go bhfuil tú ar dhuine de na daoine is mó ó do scoil a fuair pointí, 500 pointe ar a laghad, lena n-áirítear pointí bónais don mhataimic.

Má bhíonn mic léinn eile as do scoil a fuair na pointí arda céanna leat, bronnfar Taispeántas Iontrála oraibh ar fad. Ní mór do do scór a bheith bunaithe ar aon suí amháin/ón mbliain chéanna.

Baineann na critéir thuas le mic léinn as Poblacht na hÉireann agus as Tuaisceart Éireann.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar na critéir atá i gceist do mhic léinn as tíortha eile AE/EEA féach air [www.tcd.ie/study/undergraduate/entrance-exhibition](http://www.tcd.ie/study/undergraduate/entrance-exhibition)



rachaimid i  
dteagmháil  
leatsa

## Céard é Sadhsóireacht?

Más Taispeántóir Iontrála tú, d'fhéadfadh sé go mbeadh tú i dteideal a bheith i do 'Sadhsóir' freisin agus do bhéile tráthnóna a fháil **saor in aisce** i gColáiste na Tríonóide sa chéad bhliain agus sa dara bliain. Is cuid de stair an Choláiste iad na Sadhsóireachtaí agus tá siad ar an bhfód níos faide ná na Taispeántais Iontrála. Cuireadh tús leo siar sa 17ú céad. Ba Shadhsóir a bhí in Oliver Goldsmith, úrscéalaí agus drámadóir. Bhí roinnt de Phropaist eile an Choláiste ina Sadhsóirí freisin.

Tá deich gcinn de Shadhsóireachtaí ar fáil gach bliain do Thaispeántóirí Iontrála a bhfuil ioncam a dteaghlai níos lú ná an tairseach atá socraithe (ollioncam níos lú ná €40,000).

Déantar na hiarratais ar Shadhsóireachtaí chuig an gClárann Acadúil roimh an 15 Deireadh Fómhair gach bliain (déan teagmháil le [academic.registry@tcd.ie](mailto:academic.registry@tcd.ie)).

Tá scoláireachtaí agus gradaim eile ar fáil freisin má thugtar faoi scrúduithe speisialta, chomh maith le tacaíochtaí eile airgeadais do mhic léinn. Is féidir tuilleadh a fháil amach fúthu sin ag [www.tcd.ie/study/undergraduate/scholarships-funding](http://www.tcd.ie/study/undergraduate/scholarships-funding)


## An bhfuil ceisteanna agat?

Chun tuilleadh a fháil amach faoi Thaispeántais Iontrála ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn ag [academic.registry@tcd.ie](mailto:academic.registry@tcd.ie)

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi a bheith ag staidéar i gColáiste na Tríonóide ag [www.tcd.ie/study/undergraduate/](http://www.tcd.ie/study/undergraduate/)

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

# Gradaim Taispeántóirí Iontrála



[www.tcd.ie/study/undergraduate/entrance-exhibition](http://www.tcd.ie/study/undergraduate/entrance-exhibition)



# Céard a deir ár dTaispeántóirí Iontrála reatha?

"Ba mhór an onóir dom an gradam mór le rá seo a fháil. Bhí mé mórtasach gradam a fháil a léiríonn an obair chrua a rinne mé agus an cúnadh luachmhar a thug mo mhuintir, mo chairde agus oideachasóirí dom a raibh tionchar mór acu orm."

Enda Donnellan, atá ag staidéar na cógaisíochta. As Coláiste an Gharbhaile, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe.



"Bhí mé an-bhródúil nuair a bronnadh Taispeántas Iontrála orm. Bhraith mé gur aitheantas a bhí ann ar an obair chrua ar fad a bhí déanta agam le go mbeinn in ann freastal ar Choláiste na Tríonóide."

Sophie Pickering, atá ag staidéar na Sibhialtacht Clasaicí agus Stair na hEalaíne agus na hAiltireachta. As Coláiste Naomh Aindriú, Baile Átha Cliath.



"Nuair a thosaíonn tú sa Choláiste, d'fhéadfadh go n-aireodh tú gur beag aird atá ort. Thug an gradam seo aitheantas dom féin, do mo scoil agus do mo mhuintir ar an dá bhliain oibre chrua a bhí curtha isteach agam, agus bhraith mé go raibh meas orm i gcóras an choláiste dá bharr."

Amy Monahan, atá ag staidéar na Naineolaíochta. As Coláiste Naomh Leo, Ceatharlach.



## Ag Staidéar i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Ar mhaith leatsa a bheith i measc na nglúnta mac léinn le freastal ar Choláiste na Tríonóide agus le tairbhe a bhaint as taithí mac léinn arna spreagadh ag lucht acadúil de scoth an domhain agus as ár gcuiraclam taighde-bhunaithe.

Cuireann Coláiste na Tríonóide oideachas de scoth an domhain ar fáil agus tá an-tóir ag fostóirí ar fud an domhain ar lucht iarchéime an Choláiste. I measc iarchéimithe an Choláiste tá buaiteoirí Ghradam Nobel sa litríocht, san eolaíocht agus leigheas, uachtaráin agus ceannairí domhanda, aisteoirí agus lucht déanta scannán a bhfuil gradaim buaite acu, filí agus drámadóirí a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu, fiontraithe agus ceannairí gnó. Tá luach agus meas ag ár bpobal iléagsúil agus idirnáisiúnta ar bharr feabhais agus tugtar spreagadh do mhic léinn an choláiste ina leith.

**D'fhéadfadh tusa a bheith ar an té ó do scoil le Gradam Taispeántóirí Iontrála a bhuachan!**

An **100** is fearr

**Tá Coláiste na Tríonóide rangaithe sa chéad áit in Éirinn**

**Rangaithe i measc an 100 Ollscoil is Fearr ar Domhan**



(Rangú Ollscoileanna Domhanda QS, 2017/18)

## Céard is Taispeántas Iontrála ann?

Tugann na Taispeántais Iontrála aitheantas don méid atá bainte amach go hacadúil ag iontrálaithe fochéime nua Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Bronntar iad ar mhic léinn a bhfuil glactha acu le háit sa chéad bhliain ar chlár bunchéime lánaimseartha agus a bhain an líon is mó pointí amach ina scoil i measc iontrálaithe Choláiste na Tríonóide.

Léiríonn na gradaim seo tiomantas Choláiste na Tríonóide don fheabhas acadúil agus is cuid ar leith dár stair iad. In 1870 a cuireadh tús leis na Taispeántais Iontrála. Ba é Humphrey Lloyd a bhunaigh iad. Bhí seisean ina fhisiceoir iomráiteach agus ina Phropast (Uachtarán) ar Choláiste na Tríonóide. Níor bronnadh ach ar 12 mhac léinn an gradam agus é bunaithe ar scrúdú iomaíoch ar réimse leathan ábhar a bhí á staidéar sa chéad bhliain. Ó 1985 i leith, is ar chomh maith is a éiríonn leis na mic léinn i scrúduithe poiblí ar nós na hArdeistiméireachta a bhronntar na Taispeántais Iontrála.

In 2017, rinne Coláiste na Tríonóide an méid a bhain 580 Taispeántóir Iontrála as 30 contae ar fud na hÉireann agus as ar fud an AE/EEA a cheiliúradh.



## Cén fáth a dteastódh uaim a bheith i mo Thaispeántóir Iontrála?

Má bhronntar Taispeántas Iontrála ort, beidh tusa tú féin i measc liosta fada de Thaispeántóirí Iontrála iomráiteacha, go leor acu a chuaigh ar aghaidh agus a chuir go mór le saol eacnamaíochta, cultúir agus polaitiúil na hÉireann agus níos faide. Ba Thaispeántóir Iontrála é an Taoiseach, Leo Varadkar, TD.

Is cuid mhór de shaol na hOllscoile iad na gradaim seo agus gach bliain léitear amach ainmneacha uile na dTaispeántóirí nua ag fáiltiú speisialta arna óstáil ag Propast (Uachtarán) Choláiste na Tríonóide, an Dr Patrick Prendergast. Cláraítear ainmneacha na dTaispeántóirí nua uile i bhFéilire an Choláiste. Tugtar éarlais leabhair €150 agus teastas do na Taispeántóirí chomh maith.